Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Feabhra 2026
(OR. en)

6496/1/26
REV 1

LIMITE

TRANS 83
BY 2

PUBLIC

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5999/26 |
| Ábhar: | Seasamh ón Aontas maidir le hiarraidh ar Rúnaí Feidhmiúcháin Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) aird chomhaltaí CEE-NA a tharraingt ar bhaic ar thrucailí i bPoblacht na Bealarúise<br>– Formheas |

1. An 11 Feabhra 2026, chuir an Coimisiún an Mheitheal um Iompar de Thalamh ar an eolas faoin staid a bhaineann le bac leanúnach a bheith á chur ag údaráis na Bealarúise atá gar do phointí trasnaithe teorann ar fheithiclí tromshaothair atá cláraithe sa Liotuáin agus sa Pholainn.

2. Molann an Coimisiún go n-iarrfaidh an Uachtaránacht ar Rúnaí Feidhmiúcháin CEE-NA an t-ábhar a phlé ag na cruinnithe a bheidh ag Meitheal CEE-NE um Iompar de Bhóthar (SC.1) agus/nó ag Grúpa Saineolaithe AETR amach anseo.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Iompar de Thalamh an tsaincheist sin an 17 agus an 24 Feabhra 2026. Thacaigh na toscaireachtaí leis an dá Bhallstát a ndéantar difear díreach dóibh, agus chuir siad chun suntais go bhféadfadh cur chuige comhordaithe ón Aontas feasacht a mhúscailt maidir leis na rioscaí a bhaineann le cúrsaíocht trasteorann feithiclí a iompraíonn earraí, agus an cuardach ar réiteach a chur chun cinn trí phlé ar an leibhéal iltaobhach. Le linn an phlé, rinne an dá thoscaireacht a raibh tionchar díreach acu orthu roinnt moltaí maidir le dréachtú, ar ionchorpraíodh an chuid is mó díobh i ndréacht-téacs an tseasaimh ón Aontas agus sa litir chuig Rúnaí Feidhmiúcháin CEE-NA le linn an scrúdaithe deiridh sa Mheitheal an 24 Feabhra 2026.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle, faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an seasamh ón Aontas a eascraíonn as an bplé sa Mheitheal a fhormheas, agus

– comhaontú litir a sheoladh chuig Rúnaí Feidhmiúcháin CEE-NA,

mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é.

PUBLIC

PUBLIC

**BAIC AR THRUCAILÍ I BPOBLACHT NA BEALARÚISE**

## 1. CÚLRA AGUS COMHTHÉACS

Idir an 29 Deireadh Fómhair 2025 agus an 19 Samhain 2025, dhún an Liotuáin a teorainn leis an mBealarúis, mar gheall ar mhéadú a bheith ag teacht ar imní faoi shábháilteacht agus slándáil[1]. Deonaíodh díolúintí maidir le hiompar de bhóthar d'idirthuras Kaliningrad, do phearsanra taidhleoireachta, do shaoránaigh thíortha an Aontais, LEE agus ECAT, agus do tharlóirí Eorpacha atá ag filleadh ar an Aontas.

De réir rialtais na Liotuáine agus na Polainne, thug údaráis na Bealarúise srianta isteach ar ghluaiseacht leoraithe agus leathleantóirí/leantóirí atá cláraithe sna Ballstáit sin laistigh de chríoch na Bealarúise, rud a fhágann nach féidir leo dul isteach/imeacht ach amháin tríd an gcuid de theorainn na Bealarúise a bhfuil teorainn aici le tír chlárúcháin na feithicle. A mhéid a bhaineann le feithiclí Polannacha, thug údaráis na Bealarúise na srianta sin isteach ó 2023 i leith.

I gcomhthéacs na srianta sin, cuireadh cosc ar 1,000 feithicil atá cláraithe sa Liotuáin agus thart ar 500 leathleantóir atá cláraithe sa Liotuáin, ach atá ar fáil d'iompróirí Polannacha amháin, filleadh ar chríoch an Aontais, mar gheall ar chinntí comhleanúnacha ó údaráis na Bealarúise, in ainneoin athoscailt na bpointí trasnaithe teorann. Díríodh na feithiclí atá cláraithe san Aontas ar limistéir pháirceála thiomnaithe sa Bhealarúis go húdarásach, ar tháille pháirceála laethúil EUR 120 in aghaidh na trucaile, agus tá an baol ann go gcoigisteodh údaráis na Bealarúise na feithiclí mura n-íocfar an méid sin.

Tar éis bhearta éagsúla na Bealarúise, tháinig fadhb chun cinn maidir le cónasc feithiclí comhcheangailte (tarracóir agus leathleantóir de chuid na Polainne agus leathleantóir de chuid na Liotuáine). Mar gheall ar rialacháin éagsúla na Bealarúise maidir le feithiclí de chuid na Polainne agus na Liotuáine, níl aon bhealach ag na teaglamaí sin faoi láthair chun críoch Phoblacht na Bealarúise a fhágáil.

---

[1] Féach freisin an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, an 15 Nollaig 2025: An Bhealarúis: raon feidhme an chórais smachtbhannaí leathnaithe ag an gComhairle chun gníomhaíochtaí hibrideacha i gcoinne Bhallstáit an Aontais a chumhdach - Consilium.

Is mórfhóram idirnáisiúnta é Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) a éascaíonn comhar i measc na mBallstát san iompar de bhóthar trí idirphlé beartais, trí ionstraimí dlí a chaibidil, trí rialacháin agus noirm a fhorbairt, agus trí dhea-chleachtais chomh maith le saineolas eacnamaíoch agus teicniúil a mhalartú. Tá Ballstáit uile an Aontais, chomh maith leis an mBealarúis, ina gComhaltaí de CEE-NA. Tá Rúnaíocht CEE-NA ag bainistiú an chomhaontaithe Eorpaigh maidir le hobair foirne feithiclí ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta de bhóthar (AETR) go háirithe.

PUBLIC

## 2. SEASAMH ÓN AONTAS

### a. *Tionchar na mbeart arna nglacadh ag Poblacht na Bealarúise*

Níl sé inghlactha go gcuirfeadh údaráis na Bealarúise bac gluaiseachta ar na feithiclí sin. Go háirithe, tá gníomhaíochtaí den sórt sin i gcoinne phrionsabail ghinearálta Rún Comhdhlúite CEE-NA maidir le hIompar Idirnáisiúnta de Bhóthar a Éascú (R.E.4)[2], chomh maith le meon AETR[3].

Níor thug údaráis na Bealarúise údar cuí leis sin do na Ballstáit lena mbaineann.

Is iomchuí, dá bhrí sin, CEE-NA agus gach Páirtí Conarthach in AETR a chur ar an eolas faoi iompar thuasluaite údaráis na Bealarúise maidir le tarlóirí na Liotuáine agus na Polainne, i bhfianaise a dtromchúise agus an cineál sistéamach a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis.

I bhfianaise chomhthéacs dlíthiúil reatha an tarlaithe de bhóthar idir an tAontas, Cónaidhm na Rúise agus Poblacht na Bealarúise, ba cheart an litir chuig an Rúnaí Feidhmiúcháin a bheith polaitiúil i gcónaí agus staonadh ó bhreithnithe dlíthiúla a dhéanamh.

### b. *An gá atá le litir chomhpháirteach thar ceann an Aontais*

Cé go dtugtar aghaidh fós ar iompar ó na Ballstáit chuig tríú tíortha trí chomhaontuithe déthaobhacha idir na Ballstáit agus na tríú tíortha sin, d'fhéadfadh gníomhaíochtaí aontaobhacha gan údar, ar nós na ngníomhaíochtaí a rinne údaráis na Bealarúise sa chás seo difear a dhéanamh d'aon tarlóir de chuid an Aontais amach anseo. Ina theannta sin, bheadh níos mó tábhachta ag baint le litir chomhordaithe thar ceann an Aontais, lena gcuirfí tacaíocht níos láidre ar fáil do na Ballstáit is mó atá buailte, go háirithe iad siúd atá ar theorainn na Bealarúise.

---

**2** CERD; go háirithe pointe 1.2.1.1.
**3** Féach go háirithe brollach AETR.

## 3. IARRAIDH AN TSAINCHEIST SIN A THARRAINGT ANUAS LAISTIGH DE CEE-NA

I bhfianaise an mhéid thuas, ba cheart litir a sheoladh chuig Rúnaí Feidhmiúcháin CEE-NA (dréacht thíos) chun a iarraidh go bpléifí an t-ábhar sin ag cruinniú de Mheitheal CEE-NA um Iompar de Bhóthar atá ar na bacáin, agus/nó den Sainghrúpa um AETR, ina ndéanfadh an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais mar Chomhalta den Ghrúpa Saineolaithe, agus mar Bhreathnóir sa Mheitheal.

Le linn an phlé, ba cheart d'ionadaí an Choimisiúin na príomhtheachtaireachtaí a chur in iúl ar aon dul leis an litir thuasluaite arna gcomhlánú, más iomchuí, leis na gnéithe a leagtar amach i Ranna 1 agus 2 thuas.

PUBLIC

*DRÉACHTLITIR CHUIG RÚNAÍ FEIDHMIÚCHÁIN CEE-NA*

*Ábhar: Baic ar thrucailí atá cláraithe san Aontas ag údaráis na Bealarúise.*

A Shoilse,

Ón 29 Deireadh Fómhair 2025 [go dtí...], tá údaráis na Bealarúise tar éis bac gluaiseachta a chur ar na céadta feithicil tromshaothair atá cláraithe san Aontas i limistéar teorann na Bealarúise-na Liotuáine, gan aon údar fónta a thabhairt, agus táille laethúil a ghearradh chun coigistiú iomlán na bhfeithiclí agus na n-earraí atá iontu a sheachaint.

Is iompar do-ghlactha de chuid údaráis na Bealarúise iad na gníomhaíochtaí sin.

Tathantaíonn an tAontas Eorpach ar údaráis na Bealarúise na feithiclí sin atá cláraithe san Aontas a scaoileadh saor agus iad a thabhairt ar ais dá n-úinéirí dlisteanacha san Aontas Eorpach go pras agus gan bacainní breise.

I bhfianaise ról Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) mar mhórfhóram idirnáisiúnta lena n-éascaítear comhar i measc a bhallstát san iompar de bhóthar trí idirphlé beartais, trí ionstraimí dlí idirnáisiúnta a chaibidil, trí rialacháin agus noirm a fhorbairt agus trí dhea-chleachtais a mhalartú agus a chur i bhfeidhm chomh maith le saineolas eacnamaíoch agus teicniúil, go háirithe faoi chuimsiú an chomhaontaithe Eorpaigh maidir le hobair criúnna feithiclí atá ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta de bhóthar (AETR), agus i bhfianaise thromchúis agus chineál sistéamach féideartha na bhfadhbanna thuasluaite a bhíonn ag roinnt tarlóirí de chuid an Aontais, bheinn buíoch díot dá bhféadfá an iarraidh sin a chur in iúl d'údaráis na Bealarúise, agus an comhfhreagras sin a chur ar aghaidh chuig Páirtithe Conarthacha eile AETR.

Ba mhór againn dá bhféadfaí an t-ábhar sin a chur ar chlár oibre an chéad chruinnithe eile de Mheitheal CEE-NA um Iompar de Bhóthar (SC.1) agus níos luaithe ná sin ar chlár oibre fhóram a ghrúpaí saineolaithe.

Is mise, a Shoilse, le dúthracht duit.

*[síniú]*

Leas-Bhuanionadaí an Bhallstáit a bhfuil Uachtaránacht na Comhairle chuig an Aontas Eorpach aige;
Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 1).

PUBLIC